Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Aibreán 2020
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0122(COD)

5114/1/20
REV 1 ADD 1

TRANS 7
SOC 8
CODEC 12
PARLNAT 20

# RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann le riachtanais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla, íos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla, agus Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a mhéid a bhaineann le suíomh tacagraif<br>– An ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 7 Aibreán 2020 |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ar an 31 Bealtaine 2017, ghlac an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann le ceanglais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla, íos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla, agus Rialachán (AE) 165/2014 a mhéid a bhaineann le suíomh tacagraif.

2. Tíolacadh an togra seo mar chuid de Phacáiste Soghluaisteachta I, agus eagraíodh an nós imeachta reachtach i gcomhar le dhá thogra reachtacha eile, ceann maidir le rochtain ar ghairm an oibreora iompair de bhóthar agus ar an margadh tarlaithe de bhóthar, agus ceann eile maidir le forálacha forfheidhmiúcháin do reachtaíocht shóisialta agus do phostú tiománaithe.

3. Tháinig an Chomhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) ar chur chuige ginearálta an 3 Nollaig 2018[1].

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 4 Aibreán 2019.

5. Idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag 2019, rinneadh caibidlíocht idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis an togra. Ar an 11 Nollaig 2019, tháinig na hidirbheartaithe ar chomhaontú maidir le téacs comhréitigh, a d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe ina dhiaidh sin ar an 20 Nollaig 2019[2].

6. Dheimhnigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) an comhaontú polaitiúil an 21 Eanáir 2020, agus thug an Chomhairle a deimhniú siúd an 20 Feabhra 2020.[3]

---

1 15084/18.
2 15083/19.
3 ST 5424/20 + ADD 1-4.

7. Agus í i mbun a cuid oibre, chuir an Chomhairle tuairim Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 18 Eanáir 2018 agus tuairim Choiste na Réigiún an 1 Feabhra 2018 san áireamh.

8. Agus an comhaontú sin á chur san áireamh aici agus tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a bheith déanta, ghlac an Chomhairle, agus an nós imeachta i scríbhinn á úsáid aici, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 7 Aibreán 2020, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach a leagtar síos in Airteagal 294 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

## II. CUSPÓIR

9. Is é cuspóir ginearálta an togra comhchuibhiú a dhéanamh ar na rialacha maidir le tréimhsí tiomána, sosanna agus tréimhsí scíthe in iompar de bhóthar agus seachadadh na bhforálacha sin trí úsáid a bhaint as tacagraif chun saobhadh iomaíochta a sheachaint, sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus dálaí oibre maithe a áirithiú do thiománaithe laistigh den Aontas Eorpach.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

### *A) Ginearálta*

10. Ar bhonn thogra ón gCoimisiúin, rinne Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle caibidlíocht d'fhonn teacht ar chomhaontú ag céim sheasamh na Comhairle ar an gcéad léamh. Léirítear go hiomlán le téacs an dréachtseasaimh ón gComhairle an comhréiteach ar thángthas air idir an dá chomhreachtóir.

### *B) Príomh-shaincheisteanna beartais*

11. Tá na príomhghnéithe a leanas sa chomhréiteach a léirítear sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh:

**a) Raon clúdaigh feithiclí tráchtála éadroma**

12. Sa chéad togra uaidh, níor áirigh an Coimisiún feithiclí tráchtála éadroma faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 561/2006, cé gur thacaigh an Pharlaimint leis. Déantar, i dtéacs na Comhairle, na feithiclí sin a áireamh faoi raon feidhme an Rialacháin nuair is mó ná 2,5 tonna a n-uasmhais incheadaithe, lena n-áirítear aon leantóir nó leathleantóir, agus nuair a úsáidtear iad in iompar idirnáisiúnta ar fruiliú nó ar luaíocht (Airteagal 2(1) i gcomhar le hAirteagal 3 (ha) de Rialachán (CE) Uimh 561/2006). Mar thoradh air sin, tiocfaidh na feithiclí sin faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 165/2014, ionas go mbeidh gá le tacagraif chliste a fheistiú orthu.

13. Úsáidfidh an Coimisiún idirthréimhse (1 Iúil 2026) chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ina sonrófar sonraí, feidhmeanna agus suiteáil tacagraf i bhfeithiclí tráchtála éadroma laistigh de 18 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh, ionas go bhféadfar táirgeadh trealaimh agus feistiú feithiclí a shocrú laistigh den chuid eile den tréimhse.

14. I bhfianaise an mhéid sin, glacadh le leasuithe 353/rev, 368, 373 agus 375, ach athdhréachtú a bheith déanta orthu, i seasamh na Comhairle.

**b) Eagrú na tréimhse scíthe seachtainiúla**

15. Chun teacht ar chomhréiteach maidir le forálacha le haghaidh tréimhsí scíthe seachtainiúla (Airteagal 8(6) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006), ghlac an Chomhairle leis an riail a choinneáil go bhfuil ar thiománaí dhá thréimhse scíthe seachtainiúla rialta nó tréimhse scíthe seachtainiúla rialta amháin agus tréimhse scíthe seachtainiúla laghdaithe amháin a dhéanamh, 24 uair an chloig ar a laghad laistigh de dhá sheachtain as a chéile.

16. D'áitigh an Chomhairle, áfach, sa chomhréiteach, i gcomhréir leis an togra tosaigh ón gCoimisiún, go mbeadh solúbthacht áirithe do thiománaithe in iompar earraí cianaistir. Go háirithe, féadfaidh tiománaí atá ag gabháil d'iompar idirnáisiúnta earraí lasmuigh de Bhallstát na bunaíochta, dhá thréimhse scíthe seachtainiúla laghdaithe as a chéile a ghlacadh ar choinníoll go nglacann an tiománaí dhá thréimhse scíthe seachtainiúla rialta ar a laghad in aon tréimhse de cheithre seachtaine as a chéile. Sa chás sin, tar éis dhá thréimhse scíthe seachtainiúla laghdaithe as a chéile a ghlacadh, ní mór tréimhse scíthe a ghlacadh roimh an tréimhse scíthe seachtainiúla ina dhiaidh sin mar chúiteamh ar an dá laghdú ar am scíthe. Le linn na tréimhse scíthe fadaithe sin, tairbhíonn an tiománaí den "filleadh abhaile" (féach pointe 19 thíos). I bhfianaise an mhéid sin, coinníodh leasú 379 mar bhonnlíne sa seasamh ón gComhairle; níor coimeádadh leasú 381.

17. D'fhonn a áirithiú go ndéanfar seiceáil scíthe cois bóthair thar thréimhse 4 seachtaine, cuireadh síneadh idir 28 lá agus 56 lá leis na forálacha maidir le fianaise tacaíochta ar bord na feithicle (Airteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014), féach leasuithe 365 agus 420-422.

**c) Cosc ar chodladh sa chábán**

18. Tacaíonn seasamh na Comhairle leis an togra tosaigh ón gCoimisiún maidir leis an gcosc ar scíth a ghlactar i bhfeithicil le linn tréimhsí scíthe seachtainiúla rialta agus maidir le haon scíth sheachtainiúil os cionn 45 uair an chloig a ghlactar mar chúiteamh ar scíth sheachtainiúil laghdaithe a bhí ann roimhe sin (Airteagal 8(8) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006). Ghlac an Chomhairle le codanna de leasú 382 na Parlaiminte ina dtugtar mionsonraí faoin gcóiríocht riachtanach. Sa chomhthéacs sin, sonraítear go bhfuil aon chostais ar chóiríocht lasmuigh den fheithicil le cumhdach ag an bhfostóir, agus an seasamh céanna ag an bParlaimint i leasú 383 dá cuid.

**d) Filleadh rialta an tiománaí**

19. I seasamh na Comhairle, ina bhforbraítear an togra tosaigh ón gCoimisiún nach mór do ghnóthas iompair obair na dtiománaithe a eagrú ionas go mbeidh tiománaithe in ann filleadh abhaile go rialta chun tréimhse scíthe fada a ghlacadh (Airteagal 8 (8a) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006), neartaítear an ceanglas sin maidir le cruthúnas agus faireachán, agus spreagtar tuilleadh soiléireachta faoi áit fillte an tiománaí. Mar sin, leis an téacs ón gComhairle, ceanglaítear ar thiománaí filleadh ar ionad oibríochtúil an fhostóra ina mbíonn an tiománaí bunaithe de ghnáth agus ina dtosaíonn scíth sheachtainiúil an tiománaí, i mBallstát na bunaíochta, nó ar áit chónaithe an tiománaí, agus é le tuiscint gur faoin tiománaí atá sé an áit a roghnú inar féidir na tréimhsí scíthe a chaitheamh, agus go bhfuil an fostóir freagrach as an gcumas rialta chun filleadh a ráthú. Comhaontaíodh an mhinicíocht bhunúsach mar cheithre seachtaine, i gcomhréir le leasú 385. Ar mhaithe le simplíocht agus seasaimh chaibidlíochta mhíchothroma idir tiománaithe agus a bhfostóirí, níor ghlac an Chomhairle le gnéithe de sholúbthacht bhreise ar thacaigh an Pharlaimint leo i leasuithe 355, 377, 385.

**e) Íoschaighdeáin maidir le bonneagar páirceála**

20. Cé nár cuireadh aon fhorálacha sonracha san áireamh sa togra ón gCoimisiún maidir le limistéir pháirceála, le linn an phlé leis an bParlaimint agus leis an gCoimisiún, chomhaontaigh an Chomhairle ceanglas a chur ar an gCoimisiún liosta a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta, ar láithreán gréasáin oifigiúil, de na limistéir pháirceála dheimhnithe uile ina bhfuil bonneagar leordhóthanach ar fáil do thiománaithe atá i mbun earraí agus paisinéirí a iompar de bhóthar (Airteagal 8a de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006). Leis an téacs ón gComhairle, ceanglaítear ar an gCoimisiún caighdeáin seirbhíse agus slándála a bhunú, mar aon le nós imeachta deimhniúcháin do na limistéir pháirceála sin trí ghníomhartha tarmligthe. Mar thoradh ar an gcomhréiteach sin, inar déileáladh le príomhleas na Parlaiminte i leasú 387, níor áiríodh sa téacs ón gComhairle na hiarrataí a raibh sé mar aidhm leo forálacha níos mionsonraithe a bheith sa Rialachán (leasú 400).

**f) An scíth sheachtainiúil ar bhád farantóireachta nó ar thraein a bhriseadh**

21. Coimeádtar sa téacs ón gComhairle leasú an togra ón gCoimisiún ar na rialacha maidir le tiománaí atá le feithicil atá á iompar ar bhád farantóireachta nó ar thraein le linn scíthe. Ní fhéadfar tréimhse scíthe laethúla nó tréimhse scíthe seachtainiúla laghdaithe tiománaí a bhriseadh níos mó ná dhá uair le gníomhaíochtaí eile nach rachaidh thar aon uair an chloig ar fad (Airteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006). Maidir le tréimhsí scíthe seachtainiúla rialta, leathnaíonn téacs na Comhairle an maolú go turais sceidealta 8 uair an chloig nó níos mó ar bhád farantóireachta nó ar thraein, ar choinníoll go bhfuil rochtain ag an tiománaí ar chábán codlata. Mar sin, glacadh le leasuithe 364, 388 agus 389, a athdhréachtaíodh i bpáirt, sa seasamh ón gComhairle.

**g) Am tiomána i gcúinsí eisceachtúla**

22. Le téacs na Comhairle, déantar forbairt ar an togra ón gCoimisiún maidir le cúinsí eisceachtúla, ionas go bhféadfaidh tiománaithe, faoi choinníollacha dochta agus ag cloí leis na coimircí, dul suas go dtí aon uair an chloig thar an teorainn ama tiomána laethúil agus sheachtainiúil, nó suas le dhá uair an chloig thar an tréimhse tiomána laethúil agus sheachtainiúil, ar choinníoll gur glacadh sos 30 nóiméad gan bhriseadh díreach roimh an tiomáint bhreise chun ionad oibríochtúil an fhostóra nó áit chónaithe an tiománaí a shroicheadh. Ní fhéadfar an eisceacht sin a úsáid ach amháin roimh thús tréimhsí scíthe níos faide, agus caithfear lánchúiteamh a fháil (Airteagal 12(2) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006). Mar sin, glacadh le leasú 391, a athdhréachtaíodh i bpáirt, sa seasamh ón gComhairle.

23. Anuas ar sin, foráiltear sa téacs ón gComhairle go bhfoilseoidh an Coimisiún faisnéis, láithreach, ar shuíomh gréasáin poiblí a bhaineann le cásanna práinneacha inar féidir leis na Ballstáit, in imthosca eisceachtúla, eisceachtaí sealadacha ar na rialacha maidir le ham tiomána agus scíthe a dheonú (Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006). Mar sin, glacadh le leasú 395, a athdhréachtaíodh i bpáirt, sa seasamh ón gComhairle.

**h) Tacagraif chliste (leagan 2) a thabhairt isteach sna flíteanna**

24. Maidir leis na sonraí arna dtaifeadadh leis an tacagraf cliste, cuirtear leis an téacs ón gComhairle nach mór do thacagraif a bheith in ann suíomh na feithicle a thaifeadadh gach uair a thrasnaíonn sí teorainn Bhallstáit, eilimint dá bhforáiltear cheana féin sa togra ón gCoimisiún, agus gach uair a dhéanann an fheithicil gníomhaíochtaí luchtaithe nó díluchtaithe, chomh maith le taifead a dhéanamh ar cé acu seirbhís iompair paisinéirí nó earraí atá i gceist (Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014). Dá bhrí sin, coimeádadh leasuithe 409 go 411 go bunúsach sa seasamh ón gComhairle.

25. Maidir le tacagraif chliste a thabhairt isteach, bhí an Pharlaimint agus an Chomhairle araon i bhfabhar tacagraif chliste a thabhairt isteach sa fhlít feithiclí i bhfad níos luaithe (Airteagal 3(4) de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014). Ceanglaítear leis an gcomhréiteach príomh-iarfheistiú feithiclí (i.e. feithiclí a bhí feistithe le tacagraf analógach nó tacagraf digiteach feistithe roimhe sin) tráth nach déanaí ná trí bliana tar éis dheireadh na bliana a dtiocfaidh forálacha mionsonraithe maidir le glúin nua na dtacagraf cliste i bhfeidhm, agus tráth nach déanaí ná ceithre bliana tar éis theacht i bhfeidhm na bhforálacha mionsonraithe sin nuair atá an fheithicil feistithe cheana féin le tacagraf cliste (leagan 1). Beidh 12 mhí ag an gCoimisiún chun na sonraíochtaí don dara glúin de thacagraif chliste a ghlacadh (Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014); ní mór an leagan nua a bheith ar bord cheana ag feithiclí a cláraíodh don chéad uair 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na sonraíochtaí sin (Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014). Mar sin, glacadh le leasuithe 368, 369 403-406, 412, 415, a athdhréachtaíodh i bpáirt, sa seasamh ón gComhairle, agus níor glacadh le leasú 402.

26. Nasctha leis an athrú sin, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir leis an gceanglas atá ar na Ballstáit a n-údaráis rialaithe a fheistiú a mhéid is iomchuí le trealamh cian-luathbhrathadóireachta laistigh de thrí bliana ó theacht i bhfeidhm na bhforálacha mionsonraithe dá dtagraítear roimhe seo (Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014); coimeádadh leasú 413/rev go páirteach dá bhrí sin.

27. Agus fós sa chomhthéacs sin, cuireann téacs na Comhairle beachtas leis an togra ón gCoimisiún maidir le trasnuithe teorann a thaifeadadh de láimh go dtí go n-áiritheoidh na tacagraif chliste é sin go huathoibríoch (Airteagal 34(1), (6) agus (7) de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014), agus leasú 417 á chur san áireamh.

## i) Gnéithe eile den seasamh ón gComhairle

28. Cuireadh na heilimintí eile seo a leanas, a chuir an Chomhairle leis an togra ón gCoimisiún, isteach i dtéacs deiridh an tseasaimh ón gComhairle:

a) Sainmhíniú mionsonraithe breise ar 'iompar neamhthráchtála' (Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006);

b) Eisceacht roghnach i gcás feithiclí a úsáidtear chun coincréit réamh-mheasctha a sheachadadh (Airteagal 13(1)(r) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006);

c) Nós imeachta scrúdúcháin maidir le gníomhartha cur chun feidhme áirithe (Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006);

d) An ceanglas go gcuirfí sonraí tacagraif maidir le dul thar an uastréimhse tiomána in iúl do na húdaráis rialaithe chun cian-luathbhrathadóireacht a dhéanamh ar ionramháil nó ar mhí-úsáid a d'fhéadfadh a bheith ann (Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014);

e) An ceanglas ar an gcéad ghlúin eile de thacagraif go mbeidh gaireas seachtrach in ann sonraí a úsáid ar mhodh oibríochtúil (Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014);

f) Nós imeachta maidir le hathshéalú séalaí tacagraf atá bainte nó briste a d'oscail oifigigh rialaithe (Airteagal 22(5) de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014);

g) Údarú don údarás inniúil a cheangal go ndéanfar an cárta tiománaí a athsholáthar, más gá, chun sonraíochtaí teicniúla nua (Airteagal 26 (7a) de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014) a chomhlíonadh.

29. Ghlac an Chomhairle, go hiomlán nó i bprionsabal, leis na leasuithe eile seo ón bParlaimint ar an togra ón gCoimisiún:

a) Leathnú ar an díolúine do cheardaithe a bhíonn ag tiomáint (Airteagal 3(1) de rialachán (CE) Uimh. 561/2006), leasú 374;

b) An gá atá le measúnú ón gCoimisiún ar na rialacha speisialta maidir le scíth a d'fhéadfadh a bheith ann do thiománaithe a bhíonn ag gabháil de sheirbhísí iompair paisinéirí ócáideacha (Airteagal 8(9a) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006), leasuithe 354, 372, 380;

c) Luach saothair i dtaca le luas an tseachadta a lua i gcatalóg na ndreasachtaí díobhálacha (Airteagal 10(1) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006), leasú 390;

d) Eisceacht roghnach d'fheithiclí tógála a oibríonn laistigh de gha 100 km (Airteagal 13(1)(q) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006), leasú 394;

e) Tuarascáil speisialta ón gCoimisiún maidir le córais tiomána uathrialacha agus a dtionchar ar am tiomána agus ar rialacha maidir le ham scíthe (Airteagal 9a de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006), leasú 397;

f) Cuirtear soiléiriú isteach nach mór cumas cuimhne leordhóthanach a bheith ag tacagraif agus ag cártaí tacagraif chun na sonraí riachtanacha a stóráil (Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) 165/2014), leasú 406;

g) Uasghrádú scileanna do thiománaithe (a bhfuil na costais air le híoc ag an bhfostóir) agus d'údaráis rialaithe (leasú 418 agus leasú 419, aithrisí 30 agus 31);

h) Doiciméadú níos iomláine ar thréimhsí scíthe, ar shosanna agus ar shaoire, chomh maith le scíth a ligeadh ar bhád farantóireachta nó ar thraein (Airteagal 34(5) de Rialachán (CE) Uimh. 165/2014), leasú 416.

## IV. CONCLÚID

30. Is léiriú iomlán é an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh ar an gcomhréiteach ar thángthas air sa chaibidlíocht idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, arna héascú ag an Coimisiún. Dearbhaítear an comhréiteach sin leis an litir a chuir Cathaoirleach Choiste TRAN Pharlaimint na hEorpa chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe (23 Eanáir 2020). Chuir an Cathaoirleach in iúl sa litir sin go molfaidh sí do chomhaltaí Choiste TRAN, agus ina dhiaidh sin don seisiún iomlánach, glacadh leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh gan leasuithe ar dhara léamh na Parlaiminte, faoi réir a fhíoraithe ag dlítheangeolaithe an dá institiúid.

31. Creideann an Chomhairle, dá bhrí sin, gur toradh cothrom atá ina seasamh ar an gcéad léamh agus, a luaithe a ghlacfar iad, go bhfeabhsóidh na Rialacháin leasaithe dálaí oibre an tiománaí agus go gcuirfidh siad le sábháilteacht ar bhóithre agus cothrom na Féinne in earnáil an iompair de bhóthar trí chomhchuibhiú, soiléiriú ar rialacha agus rialú níos fearr.